Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

Polasaí Comharthaíochta

Polasaí Comharthaíochta na nÚdarás Áitiúil i leith na Gaeilge

Seo leanas an Polasaí Comharthaí Bóithre atá Comhairle Contae Chiarraí ag cur i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2009 i leith.

Beidh Comharthaí Bóithre na Comhairle ar fad dátheangach, ina measc…

1. Treo-Chomharthaí.
2. Comharthaí Bóithre sealadacha d'Oibreacha Bóithre ach amháin sa chás go mbíonn siombail in úsáid leis féin.
3. Comharthaí Turasóireachta agus Fáilte crochta ag Comhairle Contae Chiarraí.
4. Comharthaí Gaeltachta, ach amháin Logainmneacha a bheidh de réir Ordú Logainmneacha na Gaeltachta 2004
5. Comharthaí Bóithre i mBéarla amháin a cheartú go formaid dátheangach

1. Treo-Chomharthaí

Ag luí leis Ordú Logainmneacha na Gaeltachta 2004 agus le Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta, beidh logainmneacha ar chomharthaí eolais i nGaeilge agus i mBéarla, **ach amháin i gcás comharthaí Gaeltachta, áit a mbeidh an logainmneach i nGaeilge amháin**, agus i gcás logainmneacha atá ana-chosúil le chéile sa dá theanga, is cóir an leagan Gaeilge amháin a thaispeáint.

2. Comharthaí Bóithre Sealadacha (Rabhadh & Oibreacha Bóithre san áireamh)

- Ag luí le Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta is é polasaí na Comhairle ná 'Siombail gan Téacs' a úsáid ar Chomharthaí Bóithre Sealadacha.
- Cuirfear in iúl do Chomhlachtaí a bheidh ag obair ar ár son cloí le Polasaí Comharthaíochta na Comhairle nuair atá conradh á shíniú.

- Sa chás nach féidir 'Siombail gan Téacs' a úsáid, sé sin gur baolach go lagófaí an teachtaireacht de bharr an dá theanga oifigiúil ar an gcomhartha, is féidir dhá chomhartha neamhspleách a úsáid ach iad a úsáid i dteannta a chéile, mar atá sonraithe i Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta.

3. Comharthaí Turasóireachta agus Fáilte crochta ag Comhairle Contae Chiarraí



4. Comharthaí Gaeltachta

Ag luí le Plean Forbartha Chiarraí agus ár Scéim Gaeilge Nua, tabharfar tús áite don nGaeilge ar Chomharthaí Gaeltachta, sé sin go mbainfí úsáid as ceannlitreacha don nGAEILGE agus litreacha iodálacha, beag agus mór, don *mBéarla*, ar chomharthaíocht dátheangach nua sa Ghaeltacht.

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ *Kerry County Council*	CÉ DHÚN CHAOIN *Dún Chaoin Pier*

Go n-úsáidfidh CEANNLITREACHA sa chás nach bhfuil ach leagan amháin de logainm ar chomharthaí Gaeltachta.

CEANN TRÁ	AN DAINGEAN

Níl aon athrú ar an bpolasaí i leith Comharthaí Bóithre Sealadacha (féach Pointe 2 thuas)

5. Comharthaí Bóithre míchearta

Ag luí le Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ár Scéim Gaeilge, cuirfidh Comhairle Contae Chiarraí an Ghaeilge ina cheart ar aon chomharthaí nach bhfuil ceart laistigh de sé mhí ón lá a chuireann an pobal, An Coimisinéir Teangan nó Oifig na Gaeilge an t-Innealtóir Áitiúil ar an eolas fé.

Ag luí le na Rialacháin Nua a tháinig i bhfeidhm ar an 1d Márta 2009 de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, cuirfear an leagan ceart dátheangach ar chomharthaí bóithre i mBéarla amháin fén 1d Márta 2013.